Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2013

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 Marc)**

DÉ MÁIRT 11 MEITHEAMH 2013 – TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.00

- Gabhann 40 marc le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is gnó innealra é OXO Tta, agus bhí Bearta Creidmheasa agus bearta airgid thirim acu i mí Bealtaine 2013.

**(A)** Déan na bearta creidmheasa seo a leanas a thaifeadadh i Leabhar na nDíolachán agus i Leabhar na nAischur Isteach ag OXO Tta do mhí Bealtaine 2013.

Breac figiúirí cuí ó na leabhair sna cuntais mhórleabhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1/5/2013 | Dhíol earraí ar cairde le KP Tta | Sonrasc Uimh. 11 | €26,000 + CBL 23% |
| 7/5/2013 | Dhíol earraí ar cairde le SLD Tta | Sonrasc Uimh. 12 | €14,000 + CBL 23% |
| 18/5/2013 | Earraí aischurtha ag KP Tta chuig OXO Tta | Nóta Creidmheasa Uimh. 3 | €11,600 + CBL 23% |

(15)

**(B)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas a thaifeadadh do mhí Bhealtaine 2013 i Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim OXO Tta.

Breac na figiúirí cuí i gCuntais an Mhórleabhair.

Nóta: Miondealaigh na Bearta Bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas i gcolún an airgid:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Taobh an Dochair (Fáltais)**: | Banc | Díolacháin | CBL | Scairchaipiteal | Feichiúnaithe |
| **Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí)**: | Banc | Ceannacháin | CBL | Pá | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4/5/2013 | D'infheistigh scairshealbhóir €60,000 agus lóisteáladh é sin | | | Admháil Uimh. 1 |
| 11/5/2013 | Ceannacháin le hathdhíol | (Seic Uimh. 1) | €24,000 + CBL 23% | |
| 17/5/2013 | D'íoc pá | (Seic Uimh. 2) | €7,200 | |
| 26/5/2013 | Lóisteáladh díolacháin | | €34,440 (€28,000 + CBL €6,440) | |
| 31/5/2013 | D'íoc SLD Tta €10,000 agus lóisteáladh é sin | | | Admháil Uimh. 2 |

(16)

**(C)** Comhardaigh na cuntais ar an 31 Bealtaine 2013 agus bain amach Comhardú Trialach ar an dáta sin.

(9)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Díolacháin, Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** '*Ní mór do ghnónna iarracht a dhéanamh a gcustaiméiri a shásamh i gcónaí'.*

(i) Luaigh **dhá** chúis go ndéanfadh gnó iarracht a gcustaiméirí a shásamh i gcónaí.

(ii) Conas ba cheart do ghnó plé le gearáin custaiméirí?

(7)

**(B)** Baineann na sonraí seo a leanas le díolacháin earraí ar cairde ag MEÁNLAE Tta le PM Tta, 20 Bóthar na gCloch, Teamhair, Co. Uíbh Fhailí, do mhí Bealtaine 2013.

Ar an 1 Bealtaine bhí fiacha €1,200 ag MEÁNLAE Tta ar PM Tta.

Tharla na bearta seo a leanas i rith mhí Bealtaine 2013.

3/5/2013 Chuir MEÁNLAE Tta Sonrasc Uimh. 23 chuig PM Tta ar €17,500 + CBL 23%
10/5/2013 Chuir MEÁNLAE Tta Nóta Creidmheasa Uimh. 5 chuig PM Tta ar €3,700 + CBL 23%
29/5/2013 Fuair MEÁNLAE Tta Seic Uimh. 345 ó PM Tta ar €12,000.

Ar an 31 Bealtaine 2013 chuir MEÁNLAE Tta Ráiteas Cuntais Uimh. 56 chuig PM Tta.

(i) Luaigh **dhá** nós imeachta ar cheart do MHEÁNLAE Tta a úsáid agus iad ag próiseáil Ráiteas Cuntais a chuireann siad amach.

(ii) Comhlánaigh an Ráiteas Cuntais Uimh. 56 bán *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(iii) Comhlánaigh an Seic Uimh. 345 agus an comhdhuille sínithe ag Póilin Ní Mhuiríosa *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(iv) Taifead an seic íoctha ag PM Tta i Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim PM Tta *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(33)
**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Measúnú Gnó agus le hÁrachas Gnó**.

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

**(A)** Is gnó soláthar glasraí é ITH Tta atá bunaithe san Uaimh, Co. na Mí. Sholáthair na stiúrthóirí an t-eolas seo a leanas faoi ITH Tta do na blianta 2012 agus 2011.

| **Cóimheas** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| Corrlach Glan | 8% | 5% |
| Cóimheas Reatha | 1.1 : 1 | 2.3 : 1 |
| Ráta Láimhdeachas Stoic | 26 uaire | 20 uaire |

(i) Agus tú ag baint úsáide as an eolas thuas, déan comparáid idir feidhmíocht ITH Tta agus déan trácht uirthi do na blianta 2012 agus 2011.

(ii) Luaigh conas a d'fhéadfadh ITH Tta feabhsú mar a raibh a fheidhmíocht mí-shásúil.

(iii) Sholáthair na stiúrthóirí an t-eolas seo a leanas faoi ITH Tta do na blianta 2012 agus 2011.

| **Cóimheas** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| Toradh ar Chaipiteal in Úsáid (€400,000) | 2% | 2% |

Is é an ráta úis reatha ar Thaiscí Bainc de €400,000 ná **6.5**%.

Dá mbeifeá i do scairshealbhóir ag ITH Tta an mbeifeá sásta leis an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

(18)

**(B)** Táirgeann ITH Tta a nglasraí féin go léir. Tá Innealra, Veain Seachadta, Foirgnimh agus Stoc acu agus fostaíonn siad triocha fostaí.

Is mian le ITH Tta athbhreithniú a dhéanamh ar a gcumhdach árachais agus mar sin iarrann siad ort na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

(i) Ainmnigh saghas **amháin** árachais atá riachtanach do ITH Tta de réir an dlí.

(ii) Luaigh **trí** shaghas **eile** árachais ar cheart do ITH Tta a cheannach. Tabhair cúis le gach saghas árachais a luann tú.

(iii) Mhol an t-árachóir do ITH Tta árachas €300,000 a chur ar a bhfoirgnimh ach shocraigh siad ar árachas €240,000 a chur orthu. Rinne tuile damáiste €40,000.

Ríomh an méid cúitimh a gheobhaidh ITH Tta. Mínigh do fhreagra.

(22)

**(40 Marc)**

4. **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe**.

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair BARR Tta, siopa crua-earraí, ar an 31 Nollaig 2012. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 450,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH BARR Tta**<br>**ar an 31 Nollaig 2012** | **Dr**<br>**€** | **Sr**<br>**€** |
|---|---|---|
| Stoc Tosaigh 01/01/2012 | 10,000 | |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 104,000 | 310,000 |
| Carraeireacht Isteach | 6,000 | |
| Coimisiún Infhaighte | | 8,000 |
| Fógraíocht | 16,000 | |
| Árachas | 10,700 | |
| Pá | 67,000 | |
| Foirgnimh | 380,000 | |
| Innealra | 160,000 | |
| Feichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 15,000 | 17,000 |
| Airgead Tirim | 3,000 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 10,000 |
| Iasacht 30 bliain | | 30,000 |
| Díbhinní Íoctha | 33,300 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 60,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe: 370,000 gnáthscaireanna ar €1 | | 370,000 |
| | 805,000 | 805,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** BARR Tta a ullmhu don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 maille le **Clár Comhardaithe** amhail ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit amhail ar an 31 Nollaig 2012

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc Deiridh | €12,000 |
| (ii) | Coimisiún infhaighte dlite | € 1,400 |
| (iii) | Fógraíocht dlite | € 4,000 |
| (iv) | Árachas réamhíoctha | € 1,300 |
| (v) | Dímheas: | Foirgnimh 2½ %<br>Innealra 15% |

(35)

**(B)** Dá mbeadh a thuilleadh maoinithe ag teastáil ó BARR Tta, cá mhéad a d'fhéadfadh sé é a fháil trí eisiú gnáthscaireanna?

(5)

**(40 marc)**

5. **Baineann an Cheist seo le Cineálacha Úinéireacht Ghnó, Margaíocht agus Plean Gnó**.

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

*'Toisc go bhfuil cúig ghnó, ar an meán, ag dúnadh gach lá, tá sé riachtanach go roghnófaí an cineál ceart úinéireacht ghnó agus go n-ullmhófaí plean gnó nuair a bhíonn gnó á bhunú'*

**(A)** Dhéan comparáid idir Trádálaithe Aonair agus Cuideachtaí Teoranta Príobháideacha, mar cineálacha úinéireacht ghnó, faoi na ceannteidil seo a leanas:

Úinéireacht Dliteanas Brabúis

(12)

**(B)** Is iad Pól Ó Broin, Áine Nic Ghabhann agus Antóin Ó Ceallaigh stiúrthóirí cuideachta nua-bhunaithe caomhnú fuinnimh ar a nglaotar PAT Tta.

Iarfheistíonn PAT Tta, atá suite ag Caolsráid an Phoill, Luimneach, tithe chun cailliúint teasa a laghdú.

Is é Pól Ó Broin an Bainisteoir Margaíochta, is í Áine Nic Ghabhann an Bainisteoir Airgeadais agus Antóin Ó Ceallaigh an Bainisteoir Táirgíochta. Is é AIB banc an chuideachta.

Thaispeáin taighde a rinne PAT Tta:
Go bhfuil margadh féideartha 600,000 teaghlach ann.
Is iad na príomhiomaitheoiri ná FANTE Tta agus LEANTEAS Tta.

Sholáthair PAT Tta na sonraí seo a leanas:

Is é an costas ar theach a iarfheistiú ná €5,500.
Is é an praghas díota ná costas móide marcáil suas 30%.
Ceaptar go n-iarfheisteoidh PAT Tta 300 teach i 2013.

Teastaíonn €750,000 ó PAT Tta chun lántairgeadh a chur ar siúl. Soláthróidh gach ceann de na stiúrthóirí €100,000. Tá súil ag PAT Tta le deontas €200,000 agus gheobhaidh siad an fuílleach ar iasacht ón mbanc.

(i) Ríomh an praghas díola, is é sin, an praghas a bheidh ar gach úinéir tí a íoc chun teach a iarfheistiú agus cuir isteach do fhreagra *i roinn ábhartha an Phlean Gnó a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(ii) Liostáil **trí** mhodh chun táirgí agus seirbhísí PAT Tta a chur chun cinn. Cuir do fhreagra *isteach i roinn ábhartha an Phlean Gnó a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(iii) Ríomh méid na h-iasachta a bheidh ar PAT Tta a fháil. Cuir isteach do fhreagra *i roinn ábhartha an Phlean Gnó a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(iv) Comhlánaigh go hiomlán, an chuid eile den *Phlean Gnó a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo* dátaithe 11/6/2013.

(28)
**(40 marc)**

**6.** **Baineann an Cheist seo le Costas Seachadta agus le Fostóir**.

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

**(A)** Soláthraíonn TÁILLDE Tta, Bré, soláthraí boscaí, a fheidhmíonn 260 lá oibre sa bhliain, an t-eolas seo a leanas:

- An fad a thaistealaítear gach lá ná 850 ciliméadar
- Is féidir leis an veain díosail 40 ciliméadar a thaisteal ar líotar amháin
- Is é an costas ar líotar díosail ná €1.55
- Íoctar €840 pá comhlán le Michelle Ní Dhubhlainn, an tiománaí, le haghaidh seachtain cúig lá
- Íoctar €360 pá comhlán le Bernadette Ni Dhuinn, an cúntóir, le haghaidh seachtain cúig lá
- Is é íocaíocht ÁSPC an fhostóra ná 4.25% den phá comhlán
- Cosnaíonn Cáin Mhótair Bhliantúil €1,820
- Is é an t-Árachas Bliantúil Mótair ná €3,120
- Cosnaíonn Deisiúcháin Bliantúla €1,300
- Cosnaíonn Táillí Dolla €30 gach lá.

Ríomh **gach ceann** díobh seo a leanas. (Lipéadaigh gach freagra go soiléir.)

(i) Costas Díosail le haghaidh lá amháin.

(ii) Costas Iomlán Oibre le haghaidh lá amháin ag cur ÁSPC an fhostóra **san áireamh**.

(iii) An Costas Iomlán ar Cháin Mhótair, ar Árachas Mótair agus ar Dheisiúcháin Mhótair le haghaidh lá amháin.

(iv) An Costas Iomlán ar Iompar le haghaidh lá amháin.

(22)

**(B)** Iarrann TÁILLDE Tta ort cabhrú leo a gcostas seachadta a laghdú.

Mínigh **dhá** shlí inarbh fhéidir leo a gcostais seachadta a laghdú.

(6)

**(C)** Bhí roinnt fadhbanna tionscail ag TÁILLDE Tta le déanaí. Níl sé cinnte faoi chearta agus faoi chúraimí an chuideachta mar fhostóir.

(i) Minigh **dhá** cheart a bhaineann le fostóiri.

(ii) Mínigh **dhá** chúram a bhaineann le fostóirí.

(12)
**(40 marc)**

Leathanach Bán